III

(Gníomhartha eile)

AN LIMISTÉAR EORPACH EACNAMAÍOCH

CINNEADH Ó BHUANCHOISTE STÁIT CSTE Uimh. 1/2022/SC

an 8 Nollaig 2022

maidir leis an Nós Imeachta chun iarrataí ar chaighdeánú a eisiúint chuig na hEagraíochtaí Eorpacha um Chaighdeánú [2023/1654]

TÁ BUANCHOISTE STÁIT CSTE,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a ionchorpraíodh i gComhaontú LEE le Cinneadh ó Chomhchoiste LEE Uimh. 9/2014 an 14 Feabhra 2014,

Ag féachaint d'Airteagal 1(e) de Phrótacal 1 a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Buanchoiste Stáit CSTE,

De bhrí gur gá anois nós imeachta a bhunú chun eisiúint iarrataí ar chaighdeánú chuig na hEagraíochtaí Eorpacha um Chaighdeánú a chuíchóiriú,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal 1

Glactar an nós imeachta chun iarrataí ar chaighdeánú a eisiúint chuig na hEagraíochtaí Eorpacha um Chaighdeánú, mar a thuairiscítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Nollaig 2022.

Thar ceann an Bhuanchoiste

An Cathaoirleach
Kristján Andri STEFÁNSSON

An tArd-Rúnaí
Henri GÉTAZ

IARSCRÍBHINN

Nós Imeachta chun iarrataí ar chaighdeánú a eisiúint chuig na hEagraíochtaí Eorpacha um Chaighdeánú CEN, CENELEC agus ETSI

1. Is éard is iarrataí ar chaighdeánú ann ná an sásra lena n-iarrann an Coimisiún Eorpach ('CE') agus Buanchoiste Stáit CSTE ('an Buanchoiste') ar na hEagraíochtaí Eorpacha um Chaighdeánú ('ESOnna') ([1]) caighdeáin Eorpacha a fhorbairt agus a ghlacadh chun tacú le beartais agus reachtaíocht Eorpach, mar a thuairiscítear in Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) maidir le caighdeánú Eorpach.

2. Ionchorpraíodh Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 i gComhaontú LEE in 2014 ([3]). Sonraítear in Airteagal 1(e) de Phrótacal 1 a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Buanchoiste Stáit CSTE gurb é an Buanchoiste a dhéanfaidh an cúram sainorduithe (iarrataí ar chaighdeánú) a eisiúint do na ESOnna.

3. Déanann an Buanchoiste an t-údarás chun iarrataí ar chaighdeánú a eisiúint a tharmligean chuig an Mheitheal um Bhacainní Teicniúla ar Thrádáil ('M BTT').

4. Tráth a thugann AS GROW fógra do Rúnaíocht CSTE maidir le hiarraidh ar chaighdeánú ([4]), seolfaidh sé an iarraidh chuig M BTT, agus cuirfidh sé cóip chuig an gCoiste um Bacainní Teicniúla ar Thrádáil, ag iarraidh ar Stáit CSTE LEE an iarraidh a fhormheas go sainráite laistigh de 2 sheachtain.

5. A luaithe a fhormheasfaidh M BTT an iarraidh ar chaighdeánú thar ceann an Bhuanchoiste, seolfaidh an Rúnaíocht litir ina n-eisítear an iarraidh ar chaighdeánú chuig an ESO / ESOnna ábhartha. Seolfaidh Stiúrthóir, nó Leas-Stiúrthóir, Rannán an Mhargaidh Inmheánaigh i Rúnaíocht CSTE an litir thar ceann an Bhuanchoiste.

6. Seolfaidh an Rúnaíocht tuarascáil bhliantúil chuig Fochoiste I agus chuig an mBuanchoiste maidir leis na hiarrataí ar chaighdeánú a eisíodh don bhliain roimhe sin.

([1]) CEN, CENELEC agus ETSI.
([2]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12.
([3]) Cinneadh Uimh. 9/2014 ó Chomhchoiste LEE an 14 Feabhra 2014 (IO L 211, 17.7.2014, lch. 13).
([4]) Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin Eorpaigh um an Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus FBManna.